Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Lúnasa 2025**
**(OR. en)**

**12247/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0198 (BUD)**

**FIN 989**
**SOC 576**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 157 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/001 BE/BelGaN |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 157 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 157 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.7.2025
COM(2025) 157 final

2025/0198 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/001 BE/BelGaN**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), leagtar síos iad i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1].
2. An 21 Feabhra 2025, chuir an Bheilg an t-iarratas EGF/2025/001 BE/BelGaN isteach, arb iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED é, de dheasca iomarcaíochtaí in BelGaN BV (BelGaN) sa Bheilg.
3. Iar mheasúnú an iarratais sin don Choimisiún, ba é a chinn sé, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme i Rialachán (AE) 2021/691, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

## ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| | |
|---|---|
| Iarratas ar CED | EGF/2025/001 BE/BelGaN |
| Ballstát | an Bheilg |
| An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (leibhéal NUTS[2] 2) | Provincie Oost-Vlaanderen (BE23) |
| An dáta a cuireadh an t- iarratas isteach | An 21 Feabhra 2025 |
| An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t- iarratas | An 21 Feabhra 2025 |
| An dáta a iarradh faisnéis bhreise | An 1 Aibreán 2025 |
| An sprioc-am chun an fhaisnéis bhreise a sholáthar | An 23 Aibreán 2025 |
| An sprioc-am chun an measúnú a chur i gcrích | An 7 Iúil 2025 |
| An critéar idirghabhála | Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691 |
| An príomhfhiontar | BelGan BV |
| An líon fiontar lena mbaineann | 1 |
| Na hearnálacha lena mbaineann an ghníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[3] | Rannán 26 (Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla) |

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[2] Rialachán Tarmligthe 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú. IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1-56.

[3] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

| | |
|---|---|
| An tréimhse thagartha (4 mhí): | 31 Iúil 2024 – 30 Samhain 2024 |
| An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha (*a*) | 417 |
| An líon iomarcaíochtaí roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh (*b*) | 0 |
| An líon iomlán iomarcaíochtaí (*a* + *b*) | 417 |
| An líon iomlán tairbhithe incháilithe | 417 |
| An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 417 |
| An buiséad i gcomhair seirbhísí pearsantaithe (EUR) | 1 052 607 |
| An buiséad chun CED a chur chun feidhme[4] (EUR) | 43 500 |
| An buiséad iomlán (EUR) | 1 096 107 |
| Ranníocaíocht ó CED (85 %) (EUR) | 931 690 |

## MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

### Nós imeachta

4. An 21 Feabhra 2025, chuir an Bheilg iarratas EGF/2025/001 BE/BelGaN isteach laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas an t- iarratas an dáta céanna. Fuair an Coimisiún an t-aistriúchán ar an iarratas an 28 Márta 2025 agus d'iarr sé faisnéis bhreise ar an mBeilg an 1 Aibreán 2025. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de 15 lá oibre ón tráth a iarradh í. An sprioc-am 50 lá oibre ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a chur i gcrích ar chomhlíontacht an iarratais leis na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar, rachaidh an sprioc-am sin in éag an 7 Iúil 2025.

### Incháilitheacht an iarratais

*Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann*

5. Baineann an t-iarratas le 417 n-oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht in BelGaN BV (BelGaN), an fiontar a oibríodh san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi rannán 26 den dara hathbhreithniú ar NACE (Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla). Na hiomarcaíochtaí a rinne BelGaN, is iomarcaíochtaí iad atá lonnaithe i réigiún NUTS 2 de Provincie Oost-Vlaanderen (BE23).

*Na critéir idirghabhála*

6. Chuir an Bheilg an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691, lena gceanglaítear scor na gníomhaíochta i gcás 200 oibrí iomarcach ar a laghad le linn tréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a cuireadh chun bealaigh i soláthraithe

[4] I gcomhréir le hAirteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691.

agus i dtáirgeoirí iartheachtacha agus/nó daoine féinfhostaithe ar cuireadh deireadh lena ngníomhaíocht.

7. Maireann an tréimhse thagartha 4 mhí le haghaidh an iarratais ón 31 Iúil 2024 go dtí an 30 Samhain 2024.

8. Bhí 417 oibrí iomarcacha in BelGaN le linn na tréimhse tagartha.

*Na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta a ríomh*

9. De bhun Airteagal 6, an chéad mhír, pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 5, an chéad mhír, pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/691, ríomhadh scor ghníomhaíochtaí na n-oibrithe iomarcacha uile le linn na tréimhse tagartha ó dháta fhógra aonair an fhostóra go bhfuil sé chun an t-oibrí a leagan as nó conradh fostaíochta an oibrí a fhoirceannadh.

*Tairbhithe incháilithe*

10. Is é 417 nduine an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

*Tuairisc ar na teagmhais as ar eascair na hiomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta*

11. Tharla na hiomarcaíochtaí sin de dheasca fhéimheacht BelGaN.

12. Bhí saoráidí táirgthe agus T&F Onsemi[5] tógtha ar láimh ag BelGaN in Oudenaarde agus é d'aidhm aige teicneolaíochtaí sliseanna nítríde Gailliam (GaN) a chur chun cinn. Tá acmhainneacht nach beag ag GaN i dtionscal na leathsheoltóirí, arb acmhainneacht í lena bhféadfaí feabhas suntasach a chur ar fheidhmíocht agus ar éifeachtúlacht sliseanna traidisiúnta sileacanbhunaithe.

13. D'fhéach BelGaN, agus é á chur féin chun cinn mar mhonaróir leathsheoltóirí atá dírithe ar an earnáil mótarfheithiclí, d'fhéach sé go gníomhach le hinfheisteoirí nua a fháil chun a aistriú atá dian ar chaipiteal a chur chun cinn ó mhonaróir sliseanna sileacanbhunaithe go monaróir sliseanna atá bunaithe ar nítríd ghailliam. Mar sin féin, níor leor mianach GaN chun an fiontar a choinneáil i mbun gnó.

14. Buaileadh buille ar BelGaN in 2023, nuair a taifeadadh glanchaillteanas EUR 8,3 milliún ar ioncam EUR 55 mhilliún[6], arb é ba chúis leis an méadú ar chostais fuinnimh, cheimiceacha agus saothair.

15. Níorbh fhéidir leis an bhfiontar infheistíocht leordhóthanach a thiomsú, rud a ba chúis lena chliseadh sa deireadh. Scoir BelGaN d'oibríochtaí agus rinne sé iarratas ar fhéimheacht an 30 Iúil 2024, rud a d'fhág go raibh 417 n-iomarcaíocht ann.

*An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí a mhéid a bhaineann leis an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, agus leis an bhfostaíocht*

16. Sa Bheilg, tá méadú ag teacht ar fhéimheachtaí ó bhí 2022 ann. In 2024, rinne níos mó ná 11 000 fiontar iarratas ar fhéimheacht, agus 57 % díobh i bhFlóndras, an líon is airde ó bhí 2013 ann. Mar thoradh air sin, cailleadh 32 566 phost (59 % i bhFlóndras), 18,3 % níos mó ná mar a cailleadh in 2023[7].

17. Ina theannta sin, na teagmhais athstruchtúrúcháin a tharla le déanaí amhail na hiomarcaíochtaí in Van Hool[8], Sappy agus Purmo[9], ar teagmhais iad a ndearna an

---

5 Monaróir leathsheoltóirí SAM.

6 Staatsbladmonitor

7 Foinse: Statbel

8 COM(2025) 1

Bheilg iarratas ar thacaíocht CED ina leith, tá siad ag déanamh difear do mhargadh saothair Fhlóndras: tá laghdú tagtha ar fholúntais post sa tionscal.

18. Is é Oudenaarde[10] an chríoch is mó a ndéanann na hiomarcaíochtaí in BelGaN difear di. Tháinig méadú 9 % bliain ar bhliain i mí na Nollag 2024 ar an líon cuardaitheoirí poist dífhostaithe in Oudenaarde. Bhí an méadú thar a bheith suntasach i measc oibrithe dífhostaithe ardoilte agus meánoilte (+ 13,5 % agus + 12,9 % faoi seach), agus is méadú 3 % a bhí ann i measc na n-oibrithe ar bheagán oiliúna[11].

19. In Oudenaarde, tháinig laghdú 17,7 % bliain ar bhliain in 2024[12] ar an líon folúntas poist a thuairiscigh fostóirí do VDAB [13], an tseirbhís phoiblí fostaíochta Phléimeannach. Lean an líon folúntas post an treocht anuas chéanna, é ag titim 21,8 % in 2024 i gcomparáid le 2023, nó 32,4 % mura mbreithnítear ach gairmeacha tionsclaíocha, rud a thugann le fios go bhfuil lag trá sa mhargadh saothair[14].

20. De réir VDAB, mar gheall ar an meascán de lucht saothair atá ag dul in aois agus an easpa spéise in ETIM[15] i measc na ndaoine óga, tá sé deacair oibrithe atá ag dul ar scor i bpoist thionsclaíocha a ionadú, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhuntáiste d'iarfhostaithe BelGaN atá i mbun aistriú poist.

**Cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú**

21. Thug an Bheilg tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú.

22. Thuairiscigh an Bheilg go ndéantar, faoin dlí saothair náisiúnta[16] maidir le bainistiú gníomhach athstruchtúrúcháin, é a chur de cheangal ar fhiontair a bhfuil athstruchtúrú á dhéanamh acu aonad fostaíochta a bhunú, arb é is cuspóir dó 30 uair an chloig de sheirbhísí socrúcháin sheachtraigh i dtréimhse 3 mhí a sholáthar d'oibrithe a leagadh as a bpost i gcomhthéacs comhiomarcaíochtaí (60 uair an chloig i gcaitheamh 6 mhí i gcás oibrithe 45 bliana d'aois nó níos sine). Ós rud é nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid dhlíthiúil sin i gcás féimheachta, chuir VDAB na seirbhísí socrúcháin sheachtraigh ar fáil do na hoibrithe lena acmhainní dílse.

23. Maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh chun cúnamh a thabhairt do na hoibrithe iomarcacha, tá sé tuairiscithe ag an mBeilg gur seoladh na chéad bhearta chun tacaíocht a thabhairt do na hoibrithe (seisiúin faisnéise agus chlárúcháin) an 21 Lúnasa 2024, 3 seachtaine tar éis na féimheachta, agus na seirbhísí socrúcháin sheachtaigh a luadh roimhe, eagraíodh iad tamall gairid ina dhiaidh sin. Bhí aonach fostaíochta ann an 17 Deireadh Fómhair 2024[17].

---

9 COM(2024) 370

10 Ceantar riaracháin Oudenaarde.

11 Foinse: Arvastat.

12 Foinse: Arvastat.

13 Vlaamse Dienst voor Arbeidsbemiddeling en Beroepsopleiding (VDAB)

14 Foinse:VDAB. Faisnéis neamhfhoilsithe ó dheais mstr VDAB.

15 Is acrainm é ETIM a úsáidtear chun disciplíní teicniúla na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice, atá sainiúil ach gaolmhar, a ghrúpáil le chéile.

16 Foraithne Ríoga an 10 Samhain 2006 lena leasaítear Foraithne Ríoga an 9 Márta 2006.

17 Bhí an t-aonach fostaíochta ann in Sint-Jozefskerk in Oudenaarde. Bhí 34 fhiontar rannpháirteach.

*Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á gcistiú as cistí náisiúnta nó as cistí de chuid an Aontais*

24. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thíos agus a gheobhaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Bheilg nach bhfaigheadh na bearta sin ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais.

25. Leis an bpacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe, comhlánaítear gníomhaíochtaí a chistítear le cistí náisiúnta eile nó le cistí eile de chuid an Aontais.

*Nósanna imeachta maidir le dul i gcomhairle leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*

26. Ní raibh coinne le féimheacht BelGaN. I gcomhaontú le hionadaithe na bhfostaithe: Cónaidhm Ghinearálta Saothair na Beilge (ABVV) [18] agus Cónaidhm na gCeardchumann Trádála Críostaí (ACV)[19], chinn VDAB tús a chur láithreach leis na bearta a sholáthar do na hoibrithe, seachas fanacht le táthcheangal a d'fhéadfadh a bheith ann. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir ach ullmhúcháin theoranta a dhéanamh.

**Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe**

*Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú*

27. Táthar ag súil leis go nglacfaidh na hoibrithe iomarcacha uile páirt sna bearta. De bhun Airteagal 8(7), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/691, is é seo a leanas miondealú na n-oibrithe sin de réir inscne, aoisghrúpa agus leibhéal oideachais:

| Catagóir | | An líon tairbhithe a mheastar a bheidh ann | |
|---|---|---|---|
| Inscne: | Fir: | 333 | (79,9 %) |
| | Mná: | 84 | (20,1 %) |
| | Neamh- dhénártha | 0 | (0,0 %) |
| Aoisghrúpa: | Faoi bhun 30 bliain: | 58 | (13,9 %) |
| | 30-54 bliana: | 328 | (78,7 %) |
| | Os cionn 54 bliana: | 31 | (7,4 %) |
| Leibhéal oideachais | Oideachas meánscoile sóisearach, nó níos lú ná sin[20] | 39 | (9,4 %) |
| | Oideachas meánscoile sinsearach [21] nó | 232 | (55,6 %) |

[18] Algemeen Belgisch Vakverbond.
[19] Algemeen Christelijk Vakverbond.
[20] ISCED 0-2
[21] ISCED 3

| | | | |
|---|---|---|---|
| | oideachas iar-mheánscoile[22] | | |
| | Oideachas treasach[23] | 146 | (35,0 %) |

*Bearta atá beartaithe*

28. De bhun Airteagal 8(7), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/691, is iad na bearta seo a leanas atá sa phacáiste comhordaithe pearsanaithe atá le soláthar d'oibrithe iomarcacha:

– Is iad na Seisiúin Faisnéise an chéad seirbhís a chuirtear ar fáil do gach oibrí a leagadh as a phost. Le linn na seisiún, cuireann comhairleoirí idirghabhála sóisialta oibrithe ar an eolas faoin tacaíocht atá ar fáil chun a n-aistriú chuig an bhfostaíocht a éascú.

– Socrúchán seachtrach: Comhlánaíonn an beart sin na seirbhísí socrúcháin sheachtraigh a thairgeann VDAB a thuairiscítear i mír 14. Cuimsítear ann measúnú scileanna digiteacha, cúnamh chun post a chuardach, nó cúnamh i dtreo na féinfhostaíochta. Tá seisiúin mheasúnaithe ann freisin chun a chinneadh an gcomhlíonann an cuardaitheoir poist éilimh an mhargaidh saothair, nó an bhfuil an cuardach poist réalaíoch. Leis an tacaíocht dírítear freisin ar oibrithe a ullmhú d'iarratais ar phost amach anseo, ar chuidiú leo CVanna nó litreacha cumhdaigh láidre a scríobh, agus ar an mbealach máistreacht a fháil ar agallaimh phoist.

  Na daoine sin nach bhfuil litearthacht dhigiteach acu, gheobhaidh siad oiliúint bhunúsach TFC agus tacaíocht bhreise trí bhíthin Digibanks, áit ar féidir le hoibrithe ríomhaire glúine a fháil ar iasacht, oiliúint a fháil faoin mbealach lena úsáid agus freagraí a fháil ar a gceisteanna digiteacha. Le seimineáir ghréasáin agus le huirlisí eile ar líne, amhail 123digit.be, cuideofar leo siúd a bhfuil roinnt scileanna digiteacha acu cheana feabhas a chur ar na scileanna céanna.

– Oiliúint agus athoiliúint: Cuirtear cóitseáil ar oibrithe i gconairí foghlama sonracha atá ceaptha chun feabhas a chur ar a scileanna teicniúla agus digiteacha, agus chun scileanna a fhorbairt a bhaineann le réimsí ina bhfuil ganntanas lucht saothair nó a bhaineann leis an aistriú glas. Tar éis teacht ar chomhaontú leis an gcomhairleoir gairme maidir le tionscadail aonair, tairgfear oiliúint spriocdhírithe chun freastal ar na riachtanais a shainaithneofar. Beidh rochtain acu freisin ar raon leathan oiliúna lena n-áirítear an oiliúint a sholáthraíonn VDAB nó soláthraithe oiliúna.

– Oiliúint san ionad oibre: Faigheann oibrithe oiliúint ar an láthair oibre ag an bhfiontar a fhostóidh iad tar éis na hoiliúna. Ar bhonn riachtanais an oibrí, féadfaidh an oiliúint maireachtáil idir 4 agus 26 seachtaine. Tar éis na hoiliúna, tugtar conradh fostaíochta do na hoibrithe, bíodh sé ina chonradh buan nó ina chonradh ar théarma seasta atá ar aon fhad leis an oiliúint ar a laghad.

– Aonach fostaíochta: Cuidíonn an t-imeacht earcaíochta sin le cuardaitheoirí poist a nascadh le fostóirí atá ag iarraidh a bhfolúntais a líonadh. Sula

22 ISCED 4
23 ISCED 5-8

bhfreastalaíonn siad ar an imeacht, cuidíonn seisiúin chomhairleoireachta leis an gcruinniú a ullmhú le fostóirí féideartha.

– Cúnamh cuardaigh poist: Is éard atá i gceist leis an gcúnamh sin seisiúin chóitseála aonair agus chomhchoiteanna le hidirghabhálaí gairme, tacú le cur isteach ar agallaimh phoist agus ullmhú lena n-aghaidh, cóitseáil idir piaraí, agus cuairteanna ar fhiontair a bhfuil riachtanais earcaíochta acu.

– Scabhtáil fostaíochta agus meaitseáil poist: Déanfaidh foireann thiomnaithe folúntais a scabhtáil sula líonfar iad agus cuideoidh siad leis na hiarrthóirí is fearr i measc iar-oibrithe BelGaN iarratas a dhéanamh ar na poist sin. Eagrófar imeachtaí earcaíochta gach ráithe freisin.

29. Leis an oiliúint TFC agus leis an tacaíocht bhreise dá bhforáiltear laistigh de na seirbhísí socrúcháin sheachtraigh, agus le cuid den oiliúint atá á tairiscint, cuidítear le scaipeadh na scileanna a theastaíonn sa ré dhigiteach thionsclaíoch agus i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2021/691.

30. Maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe, a dtugtar tuairisc orthu anseo, is bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair iad atá laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/691. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

31. Tá soláthartha ag an mBeilg an fhaisnéis a theastaíonn maidir le bearta atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. I gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2021/691, tá sé deimhnithe ag an mBeilg nach gcuirfear ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na mbeart sin.

*Buiséad measta*

32. Is é EUR 1 096 107 luach na gcostas measta iomlán, costais a chuimsíonn caiteachas EUR 1 052 607 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 43 500 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

33. Is é EUR 931 690 (85 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ar CED.

34. De bhun Airteagal 8(7), pointe (m) de Rialachán (AE) 2021/691, shonraigh an Bheilg gurb é VDAB a sholáthraíonn an réamh-mhaoiniú agus an comhchistiú náisiúnta.

| Bearta | An líon measta rannpháirtithe | An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)*[24] | Costais mheasta iomlána *(EUR)*[25] |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí pearsantaithe (bearta faoi Airteagal 7(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) | | | |

[24] Chun deachúlacha a sheachaint, déantar an figiúr a shlánú i gcás na gcostas measta in aghaidh an oibrí. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an Bheilg isteach.

[25] Mar gheall ar an slánú, ní réitíonn suimeanna na n-iomlán le chéile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2021/691) | | | |
| Seisiúin faisnéise<br>(*Sociaal Interventieadviseur*) | 417 | 182 | 76 088 |
| Socrúchán seachtrach<br>(*Actieve bemiddeling naar werk)* | 200 | 550 | 110 000 |
| Oiliúint agus athoiliúint<br>(*Aanbod opleiding in eigen beheer, Opleiding in kader van SIFbudget, Aanbod erkende opleidingen bij partners)* | 65 | 6 874 | 446 808 |
| Oiliúint san ionad oibre<br>(*Opleiding in de onderneming)* | 10 | 960 | 9 600 |
| Aontaí fostaíochta<br>(*Jobbeurs)* | 144 | 10 | 1 500 |
| Cúnamh chun post a chuardach<br>(*Jobhunting*) | 130 | 1 738 | 226 000 |
| Scabhtáil fostaíochta agus meaitseáil poist<br>(*Big recruitment)* | 130 | 1 404 | 182 611 |
| Fo-iomlán (a):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe | – | | 1 052 607<br>(96,03 %) |
| Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(5) de Rialachán (AE) 2021/691 | | | |
| 1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin | – | | 11 000 |
| 2. Bainistíocht | – | | 15 000 |
| 3. Faisnéis agus poiblíocht | – | | 2 500 |
| 4. Rialú agus tuairisciú | – | | 15 000 |
| Fo-iomlán (b):<br>An céatadán de na costais iomlána: | – | | 43 500<br>(3,97 %) |
| Costais iomlána (a + b): | – | | 1 096 107 |
| Ranníocaíocht ó CED (85 % de na costais iomlána) | – | | 931 690 |

*Tréimhse incháilitheachta an chaiteachais*

35. An 8 Lúnasa 2024 thosaigh an Bheilg ar na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na bearta, is caiteachas é a bheidh incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 8 Lúnasa 2024 go ceann 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

36. An 31 Iúil 2024, thosaigh an Bheilg ag tabhú an chaiteachais riaracháin i leith chur chun feidhme CED. Dá bhrí sin, an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe, is caiteachas é a

beidh incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 31 Iúil 2024 go ceann 31 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

**Córais bhainistíochta agus rialaithe**

37. Tá tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe a cheanglaítear faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/691, agus sonraítear sa tuairisc sin freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Thug an Bheilg fógra don Choimisiún gurb é VDAB a bhainisteoidh an ranníocaíocht airgeadais. Is í seirbhís airgeadais VDAB a dhéanfaidh na híocaíochtaí. Is í an Roinn Airgeadais agus Buiséid - Aonad Iniúchóireachta an Údaráis Iniúchóireachta Phléimeannaigh um Chistí Struchtúracha na hEorpa an t-údarás iniúchóireachta le haghaidh CED.

**Gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann**

38. Sholáthair an Bheilg na dearbhuithe uile a bhfuil gá leo maidir leis na nithe seo a leanas:

– cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus um neamh- idirdhealú sa mhéid a bhaineann leis an rochtain ar na bearta atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na mbeart sin,

– comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

– beidh cosc ar aon mhaoiniú dúbailte,

– beidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED comhsheasmhach le rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair. Comhlíonfar na rialacha sin i gcás gníomhaíochtaí comhlántacha a chistítear trí bhíthin modhanna náisiúnta.

## IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

**Togra buiséadach**

39. Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[26], arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024[27].

40. Agus scrúdú déanta aige ar an iarratas i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/691, agus tar éis an líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, na bearta atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, molann an Coimisiún EUR 931 690 a shlógadh as CED, méid is ionann agus 85 % de chostais iomlána na mbeart atá beartaithe, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh an iarratais.

41. An cinneadh atá beartaithe maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh sin de bhun Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, an dara habairt, de Rialachán (AE) 2021/691 agus, mar a leagtar síos i bpointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig

26 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
27 OJ L, 2024/765, 29.2.2024.

2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[28].

**Gníomhartha gaolmhara**

42. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh EUR 931 690 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

43. An tráth céanna a ghlac an Coimisiún an togra seo le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh, ghlac sé cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais arb é atá ann cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[29]. Tiocfaidh an cinneadh maoiniúcháin sin i bhfeidhm an dáta a gheobhaidh an Coimisiún fógra faoi fhormheas an aistrithe bhuiséadaigh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle de bhun Airteagal 15(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2021/691.

[28] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

[29] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L, 2024/2509, 26.9.2024.

2025/0198 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/001 BE/BelGaN**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[30], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse[31] nua a thabhairt isteach, agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé d'aidhm ag an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin agus trí chúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar obair chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[32], arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle[33], agus in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/691.

(3) An 21 Feabhra 2025, chuir an Bheilg iarratas isteach chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí oibrithe in BelGaN BV sa Bheilg. Rinneadh é a fhorlíonadh trí fhaisnéis bhreise a sholáthar, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Meastar go gcomhlíontar leis an iarratas sin na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a sholáthar, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de

[30] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.
[31] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28
[32] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).
[33] OJ L, 2024/765, 29.2.2024.

Rialachán (AE) 2021/691, ar bhonn an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún sa Togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34].

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 931 690 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Bheilg isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2025, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 931 690 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus íocaíochtaí.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*][*].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[34] COM(2025) 157.

[*] Tá an dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula ndéantar an foilsiú san Iris Oifigiúil.